



Suí iomlánach

A9-0059/2024

23.2.2024

*****I**

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leathnaítear Treoir [XXXX] chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát
(COM(2023)0698 – C9-0398/2023 – 2023/0393(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

(Nós imeachta comhchoiste – Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

Rapóirtéirí: Antonius Manders, Alice Kuhnke

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	4
IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR	22
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH.....	23
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	24

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leathnaítear Treoir [XXXX] chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát (COM(2023)0698 – C9-0398/2023 – 2023/0393(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0698),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 79(2), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0398/2023),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an xx.xx. 2023¹,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an xx.xx. 2023²,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0059/2024),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C xxx, xx.xx.xxxx, lch. x. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

² IO C xxx, xx.xx.xxxx, lch. x. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Chun feidhmiú na gceart **a** éascú do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag gluaiseacht nó ag taisteal go Ballstát eile ar feadh tréimhse ghearr, le Treoir .../... [togra le haghaidh Treorach]³, bunaíodh an creat, na rialacha agus na coinníollacha comhchoiteanna, lena n-áirítear **samhail** choiteann chaighdeánaithe, le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar stádas míchumais a bhfuil aitheantas tugtha dó chun rochtain a fháil ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a chuireann oibreoírí príobháideacha nó údaráis phoiblí ar fáil i réimse leathan seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, agus le haghaidh Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, mar chruthúnas go bhfuil aitheantas tugtha dá gceart chun dálaí páirceála agus saoráidí atá in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas⁴.

³ COM(2023) 512 final

⁴ COM(2023) 512 final

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) Chun **cuidiú leis** na Ballstáit a n-

Leasú

(1) Chun feidhmiú na gceart **chun saorghluaiseachtaa** éascú do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag gluaiseacht nó ag taisteal go Ballstát eile ar feadh tréimhse ghearr, le Treoir .../... [togra le haghaidh Treorach]³ bunaíodh an creat, na rialacha agus na coinníollacha comhchoiteanna, lena n-áirítear **formáid** choiteann chaighdeánaithe **agus inrochtana**, le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar stádas míchumais a bhfuil aitheantas tugtha dó chun rochtain a fháil ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a chuireann oibreoírí príobháideacha nó údaráis phoiblí ar fáil i réimse leathan seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí **agus chun tairbhiú díobh**, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, agus le haghaidh Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, mar chruthúnas go bhfuil aitheantas tugtha dá gceart chun **aon** dálaí páirceála agus saoráidí atá in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas⁴ **i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu**.

³ COM(2023) 512 final

⁴ COM(2023) 512 final

(2) Chun **a áirithiú go n-urramóidh**

oibleagáidí *náisiúnta* maidir le cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú *a urramú* agus *a chomhlíonadh maidir le* daoine faoi mhíchumas ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ina gcónaí go dleathach ar a gcríoch agus nach dtagann faoi raon feidhme Threoir [XXXX], agus *chun aitheantas dá* stádas míchumais ar fud na mBallstát a *ráthú, agus* feidhmiú a gceart *maidir le* gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais *a éascú* agus rannpháirtíocht agus cuimsiú *níos éifeachtaí* sa tsochaí *a áirithiú* do dhaoine faoi mhíchumas ar náisiúnaigh tríú tír iad *agus é sin a dhéanamh* ar bhonn comhionann le saoránaigh an Aontais, is gá na rialacha, cearta agus *oibleagáidí* a leagtar síos i dTreoir.../... a leathnú chuig *dhaoine* faoi mhíchumas ar náisiúnaigh tríú tír iad, *atá ina gcónaí* go dleathach ar chríoch Ballstáit, *a bhfuil aitheantas tugtha ag an mBallstát sin dá* stádas míchumais, agus atá i dteideal gluaiseacht *nó taisteal* chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2a) I gcomhréir le hAirteagal 67(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart caitheamh le daoine gan stát mar náisiúnaigh tríú tír chun críche na Treorach seo.

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach Aithris 2 b (nua)

(2b) Meastar go gcumhdaítear leis an Treoir seo náisiúnaigh tríú tír ar iarrthóirí tearmainn iad a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríoch Ballstáit, a bhfuil aitheantas tugtha ag an mBallstát sin dá stádas míchumais, agus atá i dteideal gluaiseacht chuig Ballstáit eile nó taisteal chucu i gcomhréir le dlí an Aontais.

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3

(3) Dá bhrí sin, agus maidir leis na rialacha i ndáil le hincháilitheacht, eisiúint, athnuachan nó tarraingt siar, aitheantas frithpháirteach agus cosaint sonraí an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas mar chruthúnas go bhfuil stádas míchumais ag duine nó go bhfuil an ceart ag duine chun dálaí páirceála agus saoráidí atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas amháin, chomh maith le cearta tairbhíthe, lena n-áirítear rochtain chomhionann ar aon choinníoll speisialta nó cóir fhabhrach i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, nó coinníollacha páirceála agus saoráidí a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a ghabhann leo nó a thugann aire dóibh, lena n-áirítear a gcúntóirí pearsanta, **atá leagtha** amach i dTreoir ../..., **déanfaidh** na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh feidhm chomhionann acu maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach san Aontas agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

(3) Dá bhrí sin, agus maidir leis na rialacha i ndáil le hincháilitheacht, eisiúint, athnuachan nó tarraingt siar **agus achomharc ina leith**, aitheantas frithpháirteach agus cosaint sonraí an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas mar chruthúnas go bhfuil stádas míchumais ag duine nó go bhfuil **teidlíocht acu ar sheirbhísí sonracha bunaithe ar mhíchumas, nó go bhfuil** an ceart ag duine chun dálaí páirceála agus saoráidí atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas amháin, chomh maith le cearta tairbhíthe, lena n-áirítear rochtain chomhionann ar aon choinníoll speisialta nó cóir fhabhrach i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, nó coinníollacha páirceála agus saoráidí a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a ghabhann leo nó a thugann aire dóibh, lena n-áirítear a **gcúntóir/a** gcúntóirí pearsanta, **gan beann ar a náisiúntacht, nó ainmhithe cúnaimh amhail madraí treorach nó madraí cúnaimh, a leagtar** amach i dTreoir ../..., **ba cheart do** na Ballstáit na bearta **uile** is gá **a dhéanamh** chun a

áirithiú go mbeidh feidhm chomhionann acu maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach san Aontas agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) Ba cheart eisiúint agus athnuachan an Chárta Míchumais Eorpaigh a bheith saor in aisce. D'fhéadfadh táille a bheith i gceist le hatheisiúint an chárta sin i gcásanna cailteanais nó damáiste. D'fhéadfadh eisiúint agus athnuachan an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a bheith saor in aisce nó faoi réir táille. Maidir leis an táille a d'fhéadfaí a ghearradh as an gCárta Míchumais Eorpach a eisiúint i gcás cailteanais nó damáiste agus an táille a d'fhéadfaí a ghearradh as an gCárta Páirceála Eorpach a eisiúint agus a athnuachan do dhaoine faoi mhíchumas, níor cheart í a bheith níos airde ná na costais riaracháin lena mbaineann ná níor cheart í a chosc nó a dhíspreagadh ó dhaoine faoi mhíchumas na cártaí sin a fháil nó a fháil ar ais. I gcás ina n-eisíonn na Ballstáit an Cárta Míchumais Eorpach go díreach, ba cheart dóibh toiliú an duine lena mbaineann a lorg. Ba cheart náisiúnaigh tríú tír faoi mhíchumas a chur ar an eolas go cuí, i dteanga a thuigeann siad, faoin bhféidearthacht iarratas a dhéanamh ar an gCárta Míchumais Eorpach i gcás nach n-eisítear go díreach é.

Leasú 7

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3b) *Is féidir Cárta Míchumais Eorpach a éileamh mar chruthúnas ar stádas míchumais chun rochtain a fháil ar théarmaí comhionanna agus coinníollacha comhionanna, nó ar aon chionníollacha speisialta nó ar aon chóir fhabhrach a fheidhmiú maidir le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, ina dtairgtear iad nó ina gcoinnítear iad do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine atá á dtionlacan nó ag cabhrú leo, lena n-áirítear a gcúntóirí pearsanta, faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, níor cheart Cárta Míchumais Eorpach a éileamh mar chruthúnas ar mhíchumas chun rochtain a fháil ar aon chearta dá bhforáiltear i ndlí eile an Aontais nó sa dlí náisiúnta nó chun na cearta sin a fheidhmiú, lena n-áirítear na cearta sin lena ndeonaítear sochair shonracha, coinníollacha speisialta, nó cóir fhabhrach nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach seo. I gcás ina bhféadfadh gá a bheith le deimhniú, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile do dhaoine faoi mhíchumas i gcomhréir le dlí an Aontais, níor cheart an Cárta Míchumais Eorpach a éileamh mar chruthúnas míchumais ach oiread, ach amháin má chinneann Ballstát a dteastas náisiúnta, a gcárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile a chumasc le haghaidh daoine faoi mhíchumas leis an gCárta Eorpach Míchumais.*

Leasú 8

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 c (nua)**

(3c) Déanann cúntóirí pearsanta, daoine faoi mhíchumas a thionlacan nó cúnamh a thabhairt dóibh nó déanann siad gnáthghníomhaíochtaí laethúla más gá faoi chuimsiú caidreamh conarthach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, agus é mar chuspóir acu neamhspleáchas pearsanta a spreagadh, rannchuidiú le lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas sa tsochaí a neartú, saol an phobail a éascú agus an mhaireachtáil neamhspleách a chur chun cinn. Ba cheart do chúntóirí pearsanta, gan beann ar a náisiúntacht, a bheith in ann daoine faoi mhíchumas a thionlacan nó cúnamh a thabhairt dóibh trí úsáid a bhaint as an gCárta Míchumais Eorpach nó as an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu, nó ag tabhairt cuairte ar Bhallstát den sórt sin, ar choinníoll go bhfuil an ceart acu gluaiseacht ar fud an Aontais faoin dlí is infheidhme de chuid an Aontais agus faoin dlí náisiúnta is infheidhme. Is iad na daoine faoi mhíchumas féin nó a gcaomhnóirí dlíthiúla a ainmníonn na daoine a dhéanann tionlacan ar dhaoine faoi mhíchumas nó a thugann cúnamh dóibh agus féadfar iad a athrú ar bhonn ad hoc ag brath ar riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas.

Leasú 9

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 d (nua)**

(3d) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú agus ba cheart dóibh, dá bhrí sin, bearta

iomchuí a bhunú, lena n-áirítear seiceálacha ar chomhlíonadh agus ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha, chun a ráthú go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas, daoine atá á dtionlacan nó daoine a thugann cúnamh dóibh, lena n-áirítear cúntóirí pearsanta, chomh maith le comhlachtaí poiblí amháil comhlachtaí comhionannais, comhlachais phríobháideacha, eagraíochtaí, go háirithe eagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas, nó eintitis dhlíthiúla eile a bhfuil leas dlisteanach acu a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha na Treorach seo, gníomhaíocht a dhéanamh thar ceann daoine faoi mhíchumas nó chun tacú leo, lena bhformheas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na nósanna imeachta náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear san áireamh sna forálacha sin Airteagal 13 UNCRPD agus prionsabal na cóiríochta réasúnaí do UNCRPD.

Leasú 10

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 e (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3e) Ba cheart do na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, na bearta is gá a dhéanamh chun aon riosca brionnaithe nó calaoise maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach nó an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a chosc agus ba cheart dóibh eisiúint, úsáid agus brionnú calaoiseach na gcártaí sin a chomhrac go gníomhach. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a mhalartú maidir le cásanna d'eisiúint, úsáid agus brionnú calaoiseach den sórt sin chun muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a áirithiú ós rud é gur bunchloch an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas é aitheantas

frithpháirteach do stádas míchumais. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, maidir le haon bhearta a dhéantar chun an riosca brionnaithe nó calaoise a chosc, gur cheart dóibh cearta daoine faoi mhíchumas a urramú agus nár cheart iad a stiogmatú mar thoradh orthu. Ba cheart do na Ballstáit dul i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha maidir le ceapadh agus cur chun feidhme na mbeart.

Leasú 11

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 f (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3f) An fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na coinníollacha, na rialacha, na cleachtais agus na nósanna imeachta is infheidhme chun an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a fháil agus an úsáid a bhaintear as ina dhiaidh sin, ba cheart do na Ballstáit í a chur ar fáil go poiblí ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus urraim á tabhairt do na ceanglais inrochtaineachta ábhartha maidir le seirbhísí a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 lena n-áirítear teanga chomharthaíochta, braille, formáidí cúnta agus fuaim/gnéithe fuaimne lena n-áirithítear go bhfuil gach náisiúnach tríú tír atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch na mBallstát ar an eolas faoina gcearta agus faoin bpróiseas iarratais. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag na Ballstáit a áirithiú nach sáraíonn an fhaisnéis leibhéal castachta os cionn leibhéal B1 (idirmheánach) de Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha de chuid Chomhairle na hEorpa.

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3g) Tá baol níos mó ann go mbeidh náisiúnaigh tríú tír faoi mhíchumas, go háirithe mná agus cailíní, faoi réir leithcheal trasnach. Luaitear in UNCRPD go bhfuil mná agus cailíní faoi mhíchumas faoi réir ilchineálacha idirdhealaithe, agus dá bhri sin ba cheart do na Stáit is Páirtithe bearta leormhaithe a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh cearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha á dteachtadh go hiomlán agus go cothrom acu. Aithnítear leis freisin na dálaí deacra a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas atá faoi réir cineálacha iomadúla nó géaraithe idirdhealaithe ar bhonn cine, datha, gnéis, teanga, reiligiúin, tuairimí polaitiúla nó tuairimí eile, bunús náisiúnta, eitneach, dúchasach nó sóisialta, maoine, breithe, aoise, inscne, léiriú inscne, féiniúlachta inscne, gnéaschlaonta nó saintréithe gnéis, nó stádas eile.

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3h) Tugtar le fios sa Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ+ 2020-2025 gur féidir deacrachtaí breise a bheith ag daoine LGBTIQ+ faoi mhíchumas tacaíocht agus faisnéis a fháil, agus páirt iomlán a ghlacadh i saol an phobail agus sa tsochaí i gcoitinne.

Leasú 14

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 i (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3i) Aithnítear le UNCRPD prionsabal an chomhionannais inscne, gur minic gurb iad mná agus cailíní faoi mhíchumas is mó atá i mbaol agus faoi réir idirdhealú iomadúil agus leithcheal trasnach, agus gur cheart do na Stáit is Páirtithe in UNCRPD bearta leormhaithe a dhéanamh chun a áirithiú go mbainfidh siad tairbhe iomlán agus chomhionann as cearta uile an duine agus as na saoirsí bunúsacha uile. Tá sé ríthábhachtach a aithint go ndéanann an t-idirdhealú difear do mhná agus cailíní faoi mhíchumas in go leor réimsí den saol. Dá bhrí sin, ní mór gné shoiléir comhionannais inscne a bheith ag an gCárta Míchumais Eorpach agus ag an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas agus rannchuidiú le feabhas a chur ar an tsaorghluaiseacht, go háirithe do mhná agus cailíní faoi mhíchumas. Ba cheart don Choinbhinsiún chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac, ar páirtí ann an tAontas, treoir a thabhairt maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach a bhunú do dhaoine faoi mhíchumas sa chomhthéacs sin.

Leasú 15

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 j (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3j) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a eisiúint lena n-áirítear anailís ar chásanna sonracha míbhuntáiste a eascraíonn as leithcheal trasnach, a thuigtear mar leithcheal bunaithe ar

mheascán de mhíchumas agus d'aon fhoras eile atá faoi chosaint faoi Threoir 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE nó 2004/113/CE, chomh maith le forais eile, amháil cine, dath, gnéas, teanga, reiligiún, tuairimí polaitiúla nó eile, bunadh náisiúnta, eitneach, dúchasach nó sóisialta, maoin, breith, aois, inscne, léiriú inscne, féiniúlacht inscne, gnéaschlaonadh nó tréithe gnéis, nó stádas eile, agus béim ar leith á leagan ar mhná agus ar chailíní faoi mhíchumas.

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) Níor cheart tionchar a bheith ag an Treoir seo ar na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear soghluaisteacht **ar fud an Aontais** do náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais, ach ba cheart feidhmiú a gceart maidir le gluaiseacht nó taisteal a éascú má tá ceart soghluaiseachta den sórt sin acu cheana.

Leasú

(5) Níor cheart tionchar a bheith ag an Treoir seo ar na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear soghluaisteacht do náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát **ar fud an Aontais**, agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais, ach ba cheart feidhmiú a gceart maidir le gluaiseacht nó taisteal a éascú má tá ceart soghluaiseachta den sórt sin acu cheana. ***Na daoine atá faoi réir cinneadh um fhilleadh ar cuireadh a n-aistriú ar fionraí ar bhonn fíorais nó dlí, tá sé tábhachtach go mbeidh siad in ann tairbhe chomhionann a bhaint as an Treoir seo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart dóibh a bheith in ann stádas dlíthiúil iomchuí a fháil ó na Ballstáit ionas go mbeidh siad in ann é sin a dhéanamh. Chun críche na Treorach seo, bunófar cónaí dlíthiúil náisiúnaigh tríú tír i gcríoch Ballstáit ar bhonn an stádais arna dheonú ag an mBallstát sin faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, gan beann ar fhad an stádais sin.***

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(8) Maidir le cuspóir na Treorach seo, **is é sin** na deiseanna maidir le gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile a éascú do dhaoine faoi mhíchumas (nó dóibh siúd a ghabhann leo nó a thugann aire dóibh), ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ina gcónaí go dleathach i gcríoch Ballstáit agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach go leordhóthanach agus, de bharr mhéad nó éifeachtaí na gníomhaíochta lena mbunaítear creat lena ngabhann rialacha agus coinníollacha coiteanna, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8) Maidir le cuspóir na Treorach seo, **eadhon feidhmiú cheart saorghluaiseachta daoine faoi mhíchumas a neartú, chomh maith le feabhas a chur ar** na deiseanna maidir le gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile a éascú do dhaoine faoi mhíchumas nó dóibh siúd a ghabhann leo nó a thugann aire dóibh, **lena n-áirítear a gcúntóirí pearsanta, gan beann ar a náisiúntacht, ar** náisiúnaigh tríú tír iad atá ina gcónaí go dleathach i gcríoch Ballstáit agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach go leordhóthanach agus, de bharr mhéad nó éifeachtaí na gníomhaíochta lena mbunaítear creat lena ngabhann rialacha agus coinníollacha coiteanna, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

Leasú

(8a) De réir [Treoir (AE) XXXXX], ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis phoiblí faisnéis maidir leis na coinníollacha speisialta, an chóir fhabhrach agus na coinníollacha páirceála agus na saoráidí páirceála ar

fáil go poiblí do dhaoine faoi mhíchumas chun faisnéis ina leith a chur ar fáil go poiblí ar bhealach soiléir, cuimsitheach agus soláimhsithe agus i bhformáidí inrochtana chomh maith. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit oibreoirí príobháideacha a thairgeann coinníollacha speisialta, cóir fhabhrach agus coinníollacha agus saoráidí páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a spreagadh chun é sin a dhéanamh. Bunóidh an Coimisiún suíomh gréasáin tiomnaithe aonair de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal [15a] den Treoir sin. Ní mór do na Ballstáit suíomh gréasáin náisiúnta a bhunú agus a nuashonrú ar a mbeidh an fhaisnéis sin i gcomhréir le hAirteagal [15] den Treoir sin.

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos i [Treoir (AE) XXXXX] maidir le náisiúnaigh tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin a bhfuil a stádas míchumais agus/nó a gcearta maidir le dálaí páirceála agus saoráidí a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas amháin agus a bhfuil aitheantas tugtha dá stádas míchumais ag an mBallstát ina bhfuil siad ina gcónaí, agus maidir le *daoine* a ghabhann leo nó a thugann aire dóibh, lena n-áirítear *cúntóirí* pearsanta *de réir bhrí* Airteagal 3 *pointe* (d) den Treoir sin.

Leasú

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na rialacha, *na cearta agus na hoibleagáidí* a leagtar síos i [Treoir (AE) XXXXX] maidir le náisiúnaigh tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin a bhfuil a stádas míchumais agus/nó a gcearta maidir le dálaí páirceála agus saoráidí a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas amháin, agus a bhfuil aitheantas tugtha dá stádas míchumais ag an mBallstát ina bhfuil siad ina gcónaí, agus maidir le *haon duine* a ghabhann leo nó a thugann aire dóibh, lena n-áirítear *a gcúntóirí* pearsanta, *gan beann ar a náisiúntacht, chomh maith leo siúd a bhaineann úsáid as ainmhithe cúnaimh, mar a shainmhínítear in* Airteagal 3, *pointí* (d) agus (h) den Treoir sin.

Leasú 20

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ní bheidh tionchar ag an Treoir seo ar na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais lena rialáítear soghluaiseacht **ar fud an Aontais** do náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i gcríoch Ballstáit.

Leasú 21

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Ní bheidh tionchar ag an Treoir seo ar na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais lena rialáítear soghluaiseacht do náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i gcríoch Ballstáit **ar fud an Aontais**.

Airteagal 3a

1. Déanfaidh na Ballstáit na coinníollacha agus na rialacha, na cleachtais, agus na nósanna imeachta maidir le Cárta Míchumais Eorpach agus Cárta Páirceála Eorpach a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar do dhaoine faoi mhíchumas ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ina gcónaí go dleathach ar a gcríoch a chur ar fáil go poiblí agus i bhformáidí inrochtana, lena n-áirítear i bhformáidí digiteacha agus éasca le léamh, agus arna iarraidh sin, i bhformáidí cúnta arna n-iarraidh acu, agus i dteanga is féidir leo a thuiscint.

2. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint nó a athnuachan go díreach ar iarratas ón duine faoi mhíchumas nó ó dhuine údaráithe, faoin dlí náisiúnta. Cuirfear daoine faoi mhíchumas ar an eolas i dteanga is féidir leo a thuiscint faoin bhféidearthacht iarratas a dhéanamh ar an gCárta Míchumais Eorpach nuair nach n-eisítear go díreach é. Déanfar é a eisiúint agus a athnuachan saor in aisce don tairbhí, laistigh den tréimhse chéanna ina n-eisítear deimhnithe

míchumais, cártaí míchumais nó aon doiciméad nó nós imeachta foirmiúil eile lena n-aithnítear stádas míchumais nó teidlíocht ar sheirbhísí sonracha bunaithe ar mhíchumas. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh táille a ghearradh as na costais a bhaineann le hatheisiúint an chárta i gcásanna cailteanais nó damáiste. I gcás táille, áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh an táille na costais riaracháin lena mbaineann nó díspreagfaidh siad daoine faoi mhíchumas an cárta a iarraidh arís.

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 3b

- 1. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go cuí faoi bhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh na Ballstáit sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo.*
- 2. Faoin ...[3 bliana ó dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún.*
- 3. Sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, tabharfar aghaidh, inter alia, i bhfianaise forbairtí sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíocha agus forbairtí ábhartha eile, ar úsáid an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe tionchar aon táillí i gcás inarb ábhartha, ar a mhéid a baineadh amach cuspóirí na Treorach seo lena cur chun feidhme agus ar a idirghníomhú le gníomhartha dlí*

ábhartha eile de chuid an Aontais d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an Treoir seo a athbhreithniú. Áireofar sa tuarascáil sin freisin anailís ar chásanna sonracha míbhuntáiste a eascraíonn as leithcheal trasnach, a thuigtear mar leithcheal bunaithe ar mheascán de mhíchumas agus d'aon fhoras eile atá faoi chosaint faoi Threoir 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE nó 2004/113/CE, chomh maith le forais eile ina ndírítear go háirithe ar mhná agus ar chailíní faoi mhíchumas.

4. Faoin ... [bliain amháin ón dáta cur i bhfeidhm], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar aon bhearnaí a bheidh fós ann a bhaineann le saorghluaiseacht daoine faoi mhíchumas. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thoradh an mheasúnaithe sin agus cinneadh á dhéanamh aige an mbeadh gá le gníomhaíocht bhreise ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí den sórt sin.

Leasú 23

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Déanfaidh na Ballstáit na *dlíthe, rialacháin* agus *forálacha* riaracháin is *déanaí is gá a ghlacadh agus a fhoilsiú* chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin *ll/mm/bb [[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta* thrasúí na Treorach *a ghlacadh* i nós imeachta 2023/0311 (COD)] *]] ar a dhéanaí*. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach

Leasú 24

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 2**

Leasú

Déanfaidh na Ballstáit na *forálacha reachtaíochta, rialúcháin* agus riaracháin is *gá* chun an Treoir seo a chomhlíonadh *a ghlacadh* faoin ... *[dáta* thrasúí na Treorach *arna ghlacadh* i nós imeachta 2023/0311(COD)]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs ***phríomhforálacha*** an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Leasú

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs ***bhearta*** an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún ***faoin ... [dáta thrasuí na Treorach arna ghlacadh i nós imeachta 2023/0311 (COD)]***.

IARSCRÍBHINN: NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuarascáil á hullmhú aige, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
European Disability Forum (EDF)

Rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach na gcomhrapóirtéirí.

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Treoir [XXXX] a leathnú chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát	
Tagairtí	COM(2023)0698 – C9-0398/2023 – 2023/0393(COD)	
Dáta tíolactha chun Parlaimint na hEorpa	31.10.2023	
Na Coistí Freagracha Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 18.1.2024	LIBE 18.1.2024
Rapóirtéirí: Dáta an cheapacháin	Antonius Manders 18.12.2023	Alice Kuhnke 18.12.2023
Riail 58 – Nós imeachta coiste comhlachaithe Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	18.1.2024	
Dáta an ghlactha	22.2.2024	
Toradh na vótála críochnaithí	+: 61	–: 2
	0: 7	
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, João Albuquerque, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Vladimír Bilčík, Gabriele Bischoff, Malin Björk, Patrick Breyer, Milan Brglez, Jordi Cañas, David Casa, Clare Daly, Margarita de la Pisa Carrión, Jarosław Duda, Lena Düpont, Cindy Franssen, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Agnes Jongerius, Marina Kaljurand, Radan Kanev, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Stelios Kypourouopoulos, Jeroen Lenaers, Pina Picierno, Emil Radev, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Antonio Maria Rinaldi, Birgit Sippel, Sara Skytvedal, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Beata Szydło, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Romana Tomc, Jana Toom, Tom Vandendriessche, Marianne Vind, Elena Yoncheva	
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Marc Botenga, Krzysztof Brejza, Gwendoline Delbos-Corfield, Beata Kempa, Aurore Lalucq, Antonius Manders, Anne-Sophie Pelletier, Wolfram Pirchner, Thijs Reuten	
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Katalin Cseh, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Vlad Gheorghe, Mónica Silvana González, Christophe Grudler, Francisco Guerreiro, Romana Jerković, Seán Kelly, Guy Lavocat, Margarida Marques, Marisa Matias, Karen Melchior, Tilly Metz, Ana Miranda, Caroline Roose	
Dáta don chur síos	26.2.2024	

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

61	+
PPE	Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Krzysztof Brejza, David Casa, Jarosław Duda, Lena Düpont, Cindy Franssen, Radan Kanev, Seán Kelly, Stelios Kympouropoulos, Jeroen Lenaers, Antonius Manders, Wolfram Pirchner, Emil Radev, Dennis Radtke, Romana Tomc
Renew	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Jordi Cañas, Katalin Cseh, Vlad Gheorghe, Christophe Grudler, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Guy Lavocat, Karen Melchior, Ramona Strugariu, Jana Toom
S&D	João Albuquerque, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Gabriele Bischoff, Milan Brglez, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Mónica Silvana González, Evin Incir, Romana Jerković, Agnes Jongerius, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Aurore Lalucq, Margarida Marques, Pina Picierno, Thijs Reuten, Birgit Sippel, Marianne Vind, Elena Yoncheva
The Left	Malin Björk, Marc Botenga, Clare Daly, Marisa Matias, Anne-Sophie Pelletier
Verts/ALE	Patrick Breyer, Gwendoline Delbos-Corfield, Francisco Guerreiro, Tilly Metz, Ana Miranda, Caroline Roose, Tineke Strik

2	-
PPE	Sara Skyttedal, Tomas Tobé

7	0
ECR	Beata Kempa, Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Rafalska, Beata Szydło
ID	Antonio Maria Rinaldi, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh